The Creative Youth Plan 2023-27, by the Government of Ireland, ensures that all children and young people in Ireland will get a chance to be creative in their everyday lives.

It ensures they are given the opportunities throughout their education and in their community to choose how, and in what way they want to create.

Ireland believes that creativity can make children and young people happier, grow and develop and feel good. It is important that the adults in Ireland listen to what children and young people think is creative – from babies to children, to teenagers and young adults!

## VISION

"An Ireland where **creativity is at the heart of children and young peoples' lives**, where creativity can contribute greatly to their **happiness, wellbeing and personal development** and, in recognition of their right to **a voice in decision-making**, children and young people will be heard and will inform all aspects of our work."

## WHAT IS CREATIVITY?

Creativity is the freedom to take risks, to use imagination to create fun, wonder and happiness. It is a way of thinking that can be explored through 5 key habits:

- INQUISITIVE
- IMAGINATIVE
- PERSISTANT
- COLLABORATIVE
- DISCIPLINED

# CREATIVE YOUTH PLAN

## Children and Young People

## 2023-2027

## WHAT IS MOST IMPORTANT?

- Use your VOICE
- Learn & practise creative skills
- Do creative things
- Get involved in creative things
- Show how important creativity is

## WHAT WILL BE DONE?

- Every child and young person, no matter what their life is like, will have a chance to be creative
- New ways for creativity to be a key part of children and young people's learning
- Creativity will be fun and will help children and young people to develop positively in their lives

## HOW WILL IT BE DONE?

The plan will make sure that all young people in Ireland from babies to young adults will get a chance to do creative things – in school, out of school, and in their communities – for example:

- In-school creative programmes
- Local Creative Youth Partnerships
- Cruinniú na nÓg
- Activities such as theatre, creative writing and music
- Run more creative activities like science, design and many more
- Oversee creative projects about climate action and sustainability
- Help solve real-world issues through STEM and creative tech.
- Run creative projects for all no matter who they are
- School lessons in all subjects will encourage creativity and creative thinking
- Creativity will be supported in childcare
- Young people will be told about how their creative skills can be used in lots of different jobs when they grow up
- All the creative projects will be looked at, for how they make children and young people feel and not just for the things that get made or done.

HUB na nÓg YOUNG VOICES IN DECISION MAKING

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme

www.creativeireland.gov.ie/en/creative-youth

# PLEAN ÓIGE ILDÁNACH
## Leanaí agus Daoine Óga
## 2023-2027

Le Plean Óige Ildánach 2023-27 a chuir Rialtas na hÉireann ar fáil, cinntítear go mbeidh deis ag gach leanbh agus duine óg in Éirinn leas a bhaint as an gcruthaitheacht ina saol laethúil.

Cinntítear leis go dtugtar deiseanna dóibh taobh istigh den chóras oideachais agus taobh istigh dá bpobal rogha a dhéanamh maidir leis an mbealach ar mhaith leo a bheith ag cruthú.

Creidimidne in Éirinn go dtéann an chruthaitheacht chun leasa leanaí agus daoine óga chun iad a dhéanamh níos sásta, chun fás agus forbairt a spreagadh iontu agus chun cabhrú leo a bheith ag aireachtáil go maith iontu féin. Tá sé tábhachtach go n-éistfeadh daoine fásta in Éirinn leis an méid atá le rá ag leanaí agus ag daoine óga maidir leis an rud is fiontar cruthaitheach ann - idir pháistí, leanaí, dhéagóirí agus daoine óga fásta!

## FÍS

"Éire ina bhfuil an **chruthaitheacht i gcroílár shaol leanaí agus daoine óga**, áit a bhfuil an chruthaitheacht ag cur go mór le **sonas, folláine agus forbairt phearsanta** leanaí agus daoine óga agus, mar aitheantas ar an gceart atá acu chun **ionchur a bheith acu i gcinnteoireacht**, ina gcloistear tuairimí leanaí agus daoine óga agus ina bhfuil na tuairimí sin mar bhonn eolais faoi gach gné dár gcuid oibre."

## CÉARD IS CRUTHAITHEACHT ANN?

Is ionann cruthaitheacht agus an tsaoirse le dul sa seans, chun leas a bhaint as an tsamhlaíocht chun ábhar spraoi, iontais agus sonais a chruthú. Is modh smaointeoireachta é ar féidir a iniúchadh trí 5 príomhnós:

- FIOSRACHT
- SAMHLAÍOCHT
- DIONGBHÁILTEACHT
- COMHOIBRIÚ
- DISCIPLÍN

## CÉARD É AN RUD IS TÁBHACHTAÍ?

- Do GHUTH a úsáid
- Scileanna cruthaitheacha a fhoghlaim agus a chleachtadh
- Dul i mbun fiontair chruthaith-eacha
- Páirt a ghlacadh i bhfiontair chruthaith-eacha
- Chomh tábhachtach is atá an chruthaith-eacht a léiriú

## CÉARD A DHÉANFAR?

- Beidh deis ag gach leanbh agus duine óg dul i mbun cruthaitheachta, is cuma cén sórt saoil atá acu.
- Tá bealaí nua i leith na cruthaitheachta le bheith ina ndlúthchuid d'fhoghlaim leanaí agus daoine óga.
- Beidh spraoi ag baint leis an gcruthaitheacht agus cuideoidh sí le leanaí agus le daoine óga forbairt dhearfach a dhéanamh ina saol.

## CÉN CHAOI A NDÉANFAR É SIN?

Cinnteofar leis an bplean go mbeidh deis ag gach duine óg in Éirinn, idir pháistí agus daoine fásta óga agus gach duine idir eatarthu, fiontair chruthaitheacha a dhéanamh - ar scoil, lasmuigh den scoil agus ina bpobal - mar shampla:

- Cláir chruthaitheachta ar scoil
- Comhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach
- Cruinniú na nÓg
- Gníomhaíochtaí amhail amharclannaíocht, scríbhneoireacht chruthaitheach agus ceol
- Níos mó gníomhaíochtaí cruthaitheacha a reáchtáil, amhail eolaíocht, dearadh agus go leor eile
- Maoirseacht a dhéanamh ar thionscadail chruthaitheachta a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht
- Oibriú i dtreo fadhbanna atá sa saol a réiteach trí ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) agus teicneolaíocht chruthaitheach a úsáid.
- Tionscadail chruthaitheachta a reáchtáil don uile leanbh agus dhuine óg, is cuma cé hiad féin
- Spreagfar an chruthaitheacht agus smaointeoireacht chruthaitheach i gceachtanna scoile i ngach ábhar
- Tacófar leis an gcruthaitheacht i gcúram leanaí
- Inseofar do dhaoine óga faoi mar a rachaidh a gcuid scileanna cruthaitheacha chun tairbhe dóibh in go leor poist éagsúla nuair a bheidh siad fásta
- Ní hamháin go ndíreofar sna tionscadail chruthaitheachta ar fad ar na nithe a dhéanfar nó a chruthófar ach cuirfear san áireamh freisin an chaoi a n-aireoidh leanaí agus daoine óga dá mbarr.

HUB na nÓg YOUNG VOICES IN DECISION MAKING
Rialtas na hÉireann Government of Ireland
Clár Éire Ildánach Creative Ireland Programme
www.creativeireland.gov.ie/en/creative-youth